

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T53
Ainm an Agalláí	Mary Browne
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	06/06/2006
Suíomh an Agallaimh	An tArd Leathan, An Clochán.
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

_____'

_____+'

....

[]

Tosach lochtach**Focal dothuigthe****Níos mó ná focal amháin dothuigthe****Beirt ag caint ag an am amháin****Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

DÓNALL: Inis seo domh a Mhary, bhí muid ag caint faoi....**MARY:**(Gáire)....**DÓNALL:**ag comhrá linn an lá deireannach fosta fá, fan taobh eile, thiofadh leat a rá, fá, fá shíoga agus fá scairt an bhean síodh. Inis domh scéal an bhean síodh a...**MARY:** Bhuel tá an bhean síodh ann.**DÓNALL:** Tá.**MARY:** Ar fad. Ach ní chluinfeadh siad í anois muna má dtéadh sí isteach ar chúil an charr leofa, ní.... (gáire). Ní [ar ndóigh], níl aon duine amuigh go mall anois le í a chluinstin. Tá cuimhne agamsa oíche amháin, bhí sinne ag teacht na bhaile as damhsa i nGleann Fhinne. Bhí *squad*? mór againn ann, bhí na gasúirí thart uilig ann agus bhí na, dá mbeadh damhsa úr a thiofadh amach, sheasófá i lár an bhealaigh mhóir ag iarraidh a bheith id fhoghlaim, b'fhéidir uair i ndiaidh a theacht na bhaile, ní thiofá na bhaile ach áit inteacht i lár an bhealaigh mhóir. Agus dúirt fear amháin

acu, tógadh sa teach seo an fear sin, an t-am a cheannaigh sinne an áit seo, tá sé marbh anois, go ndéanfaidh Dia grásta air. Ó thosaigh an caoineadh, síos cois an tsrutháin, amach soir '_____', agus "boooooo", sin an rud a raibh sé cosúil leis. Agus dúirt seisean "come on, rachaidh muid na bhaile, sin '_____' bean síodh, tá duine inteacht ag gabháil a fháil bháis". Agus ceart go leor, fuair Méabha??? Mac Cormac bás seachtain ina dhiaidh, agus chuaigh/fuair sí, chuaigh/fuair sé síos go dtí an Fhinn, síos cois an tsrutháin, ar fad.

DÓNALL: Agus an bé bean óg a fuair bás a *Mhary*?

MARY: Ó, bean óg.

DÓNALL: Sea.

MARY: Bhí sí cinnte, bhí sí óg. Ní raibh sí ach i dtrátha, bhuel, bhí sí thar dhaichead bliain ach ní raibh sin sean.

DÓNALL: Ní raibh.

MARY: Agus tá cuimhne agam, oíche amháin eile anseo a tháinig muid na bhaile, bhí muid ag airneál agus tháinig mise isteach agus rinne mé suipéar agus dúirt seisean "caithfidh mise na madaí a ligean amach". Chuaigh sé amach ag ligean amach na madaí agus chuaigh mise a luí. Agus tháinig sé isteach ar ais agus dúirt sé "bhuel chuala mé rud anocht nár chuala mé ariamh roimhe. Shílfeá" a dúirt sé, "gur cait a bhí ag caoineadh a bhí ann. Agus thiocthadh sé cóngarach agam agus d'imeodh sé uaim agus thiocthadh sé cóngarach ar ais. Agus sé an deireadh a bhí air", a dúirt sé, "chuaigh sé, shílfeá go deachaigh sé suas an bealach mór amach uaim" a dúirt sé, "go deachaigh sé thoir i dtigh Eoghain Hughie". Bhuel, fan am seo oíche, bhí sé an haon a chlog, "fan am seo oíche", a deirimse, "bhfuil a fhios agat caidé a bhí ann? Sé an bhean síodh a bhí ann. Coinnigh do chluasa ceaptha", a deirimse, "go mothóidh tú duine inteacht ag fáil bháis gan mhoill". Sin oíche Luan.

Maidin Dé Céadaoin, bhí *Paidí Bhella* marbh. “Tá mé ag tabhairt isteach anois”, a dúirt sé, “gur bé an bhean síodh a bhí ann”.

DÓNALL: Agus bé, bé go speisialta nuair a gheobhadh duine óg bás a bheadh ann a Mhary ná caidé *an bharúil a bhí agaibhse?????*

MARY: *No.. The Os and the Macs* a deir siad.

DÓNALL: Inis tusa sin domsa, ní thuigimse sin anois.

MARY: Sea, bhuel má tá *O* roimhe d’ainm, *O’Toole*.

DÓNALL: Sea.

MARY: *O’Mara*. Agus *Mac Namee*.

DÓNALL: *Mmm, hmm*.

MARY: *Mc Glynn*. Agus níl a fhios agamsa, *Harkin* a bhí airsean, ní raibh *O*, ní shílim go raibh ar scor ar bith roimh a ainm ach *bygoda* bhí sí, bhí sí le motháil sular bhfuair sé bás *anyway*.

DÓNALL: Ach tá tú ag rá nuair a bheadh na *Os* ná na *Macs*, gur sin an t-am a chluinfeá?

MARY: Sea, *the Os and the Macs* a chaointear.

DÓNALL: Sea.

MARY: Caoineann an bhean síodh iad. Agus duine ar bith a bhfuil dada aige le déanamh le, le, le *music*, le ceol ná *music*.

DÓNALL: Chuala mé an ceann sin.

MARY: Ar chuala?

DÓNALL: Chuala mé an ceann sin.

MARY: Bhuel leanann sin dithi fosta.

DÓNALL: Sin, sin píosa amháin a chuala mé.

MARY: Agus bhí an fear seo, bhí sé an-mhaith ag *playáil* ar *mouthorgan*, ná cibé an ainm a bhéarfá air, *french fiddle* a ba ghnách linne a thabhairt air.

DÓNALL: *So* caoineann an bhean síodh iad, a mbás.

MARY: Caoineann, caoineann.

DÓNALL: Comhartha báis atá ann creidim.

MARY: Ó sea, comhartha báis atá sa bhean síodh, má chluin tusa an bhean síodh, tá, tá rud inteacht ag gabháil ar aghaidh. Ach ní chluinfeadh siad í anois mar a dúirt mé roimhe muna léimfeadh sí isteach sa charr acu. Ná cé, cé a chluinfeadh í?

DÓNALL: *So* an chreideann tú a *Mhary* in comharthaí eile báis, bhfuil a fhios agat?

MARY: Ó, tá comharthaí báis ann ná bheirtear suas iad, tá comharthaí báis ann.

DÓNALL: Caidé na rudaí eile a chluinfeá ná chuala tú ná?

MARY: Bhuel chíféá solas go minic ansin, amuigh in áit nár chóir do a bheith.

DÓNALL: Sea.

MARY: Ag, ag uair iontach san oíche. Chífeá solas áit inteacht, amuigh, déarfaidh muid thall, an teach sin thall an bhfeiceann tú? Teach úr sin thíos.

DÓNALL: Sea.

MARY: Taobh thíos den teach úr sin.

DÓNALL: Sea.

MARY: Ó, tá sé creidim go bhfuil sé, cúig bliana fichead ó shin, bhí mise agus mo fhear céile, bhí sé beo san am, bhí muid ag coimhead amach ar an fhuinneog oíche amháin sula rachad muid a luí agus shílfeá go dtáinig an solas seo anuas as an spéir, in sa pháirc agus deirimse "an bhfeiceann tú, an bhfeiceann tú an solas a tháinig anuas ansin"? "Sin réaltóg a thit" a dúirt seisean. "*I'm sure*, ní, níl réaltóg as an spéir" a deirimse, "níl réaltóg le feiceáil". Agus seachtain ina dhiaidh, fuair an fear tígh bás. Thall.

DÓNALL: Thall ansin.

MARY: *Mmm, hmm.*

DÓNALL: Cineál de ball cruinn de rud ann?

MARY: Ball cruinn go díreach agus tháinig se anuas, tháinig sé anuas go díreach i lár, i lár an *mhéadaigh*????, ní raibh teach, fá chrann ná dada eile ar bith agus nuair a tháinig, a dhóigh sé an talamh, ní fhaca muid ní ba mhó é. Chuaigh sé as. Agus deirim sin comhartha agus ba ghnách le, nuair a gheobhaidh mé coileach ach níl coiligh féin le fáil (gáire), tá na coiligh féin gann.

DÓNALL: Tá siad gann, tá.

MARY: Rachadh na coiligh ag scairtigh, uair iontach san oíche. Sin comhartha báis.

DÓNALL: Níor chuala mé iomrá ar sin roimhe.

MARY: Na nár chuala?

DÓNALL: Níor chuala.

MARY: Ó níl coiligh ar bith le fáil anois le scairtigh. Níl a fhios agamsa cé mhéid teach thart anseo agus níl coiligh ar bith acu. Ná cearca ach oiread.

DÓNALL: Ach rachadh siad ag scairtigh uair iontach san oíche.

MARY: Bhí sé i dtrátha an, idir an dó dhéag agus a haon.

DÓNALL: *Mmm.*

MARY: Dá scairteadh an coileach fan am sin, níl an coileach *supposáilte* scairtigh go dtí an ceathair a chlog.

DÓNALL: Sea.

MARY: Ar maidin.

DÓNALL: Sea.

MARY: Agus ar ais ag leath i ndiaidh an cúig. Agus má scairteann an coileach am inteacht san oíche, sin amach uaidh má bhfuil dhá choileach ná trí choileach ann agus iad ag troid agus iad..., ag gabháil ar mire fá na cearca ná rud inteacht. Níl marc ar bith orthu sin, coiligh óga. Ach seo sean choileach a bhíos agat nach scairteann. Ach má scairteann sé am inteacht san oíche, tá sin.....

DÓNALL:Comhartha báis.

MARY: Comhartha báis. *Á*, tá cuid mhór, bheirim isteach do chuid mhór *signs* bháis. Mhothófá, mhothófá daoine ag caint ar gur chuala siad *knock* ag an doras, ag an doras agus.

DÓNALL: Sea.

MARY: Uair iontach san oíche agus d'oscloídh siad an doras, ní raibh aon duine ann. Bhuel sin comhartha báis.

DÓNALL: Chuala mé fan cheann sin.

MARY: Sea.

DÓNALL: *But* trí bhuile ag an doras.

MARY: Trí bhuile ag an doras....

DÓNALL:Sea....

MARY:Mar seo. [Déanann sí trí bhuile í féin.]

DÓNALL: Sea.

MARY: Tá sin fíor. Anois.

DÓNALL: Inis seo domh a *Mhary* agus suim agat in sa nádúr agus sa saol, bheadh, bheifeá thusa measartha maith, bhí mná go speisialta san am maith ar na luibheanna, ní bheadh aon duine, ní bheadh daoine na rith ag an dochtúir ar fad agus...

MARY: Ó leora ní raibh, go díreach duine ar bith a rachadh ag dochtúir mar atá anois, tá siad beo ar *tablets* anois uilig go léir.

DÓNALL: *Mmm.* Ach bhí na mná maith ar na luibheanna déarfainn `_____`.

MARY: Bhí siad an-mhaith ar na luibheanna anois. Ba ghnách leo luibheanna a tharraingt agus é a bhruith, sin báchrán.

DÓNALL: *Mmm.*

MARY: Chonaic tú báchrán, tú féin?

DÓNALL: Chonaic agus d'ól mé é fosta.

MARY: Ar ól? D'ól, agus d'ól mise é fosta. Ach ní bhfuair mé, b'fhéidir anuraidh.

DÓNALL: Bhí sé doiligh a ól fosta.

MARY: Á ní raibh ar chóir ar bith. Bhuel *goda*, chonaic mise é nuair a bhíodh sé doiligh a ól ach ní raibh sé doiligh a ól ná nach chuirfeá dada fríd ach é féin.

DÓNALL: Chuirfeá *treacle* fríd, nach gcuirfeá?

MARY: Chuirfeá *treacle* fríd agus chuirfeadh siad *sulphur* fríd. Ná chifeá daoine óga san am sin agus bhí siad uilig briste amach ina gcnapáin....

DÓNALL:Sea....

MARY:Fan aghaidh.

DÓNALL: Bhí sin maith ag glanadh na fola.

MARY: Ghlanfadh sin an fhuil. Ach bheadh sé doiligh a ól. Ach ní ólfadh siad mórán do. Rud beag do ar maidin. Ach ghlanfadh sé iad ar scor ar bith cibé. Tá an báchrán an-mhaith. Caithfidh mé gráin, giota de a fháil nuair a thiocthas anois. Thig leat a tharraingt in *September* agus thig leat a tharraingt in sa Mhárta.

DÓNALL: Sea.

MARY: Sé an Márta a bhfearr duit é a tharraingt ann. Ach...

DÓNALL: Caidé an mhuintir eile a bhfuil cuimhne agat orthu, a *Mhary*?

MARY: Bhuel tá luibh ag fás fosta, luibh bheag bhán, níl sí thart anseo ach ba gnách léi a bheith ar an taobh, thall ansin. Chífidh tú ag fás, bhfuil a fhios agat clái ansin nach mbeadh mórán féir air. Chífeá luibh bheag bhídeach bhán ag fás ar a bharr, an bhfaca tú ariamh é?

DÓNALL: Ní, ní shílim é a *Mhary*.

MARY: Tá clúdach air, ní fhásann sí a dhath níos faide ná sin an bhfeiceann tú?

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

MARY: Bhuel sin rud na *mbuícháin*????,

DÓNALL: Rud na, rud na ...

MARY: Fá choinne na buíáin.

DÓNALL: Na buíáin, ó sea.

MARY: Sea. Tharraingeotaí sin agus nítí é agus bhruití i mbainne é agus chlaochlaítí é agus chaiteá ansin brachán buí a dhéanamh le min bhuí ar uisce agus

é a ól le huisce agus an luibh seo a ól lena chois ach ní raibh, bhí sé searbh, ní raibh sé furast a ól ach leigheasadh sé na buíáin.

DÓNALL: *Mmm.*

MARY: Ar scor ar bith.

DÓNALL: Bhí tú féin maith acu a *Mhary.*

MARY: Bhuel, ba ghnách liom iad a tharraingt agus iad a thabhairt do dhaoine agus.

DÓNALL: Iad a bhruith?

MARY: Iad a bhruith agus iad a. Tá luibh eile ann, fásann sé amach as faoi cloch , shílfeá gur pingin é. Shílfeá gur *velvet* glas é. An bhfaca tú ariamh é?

DÓNALL: Ní fhaca, ní, ní bheadh a fhios agam é a *Mhary.*

MARY: Agus dá dtarraingeofá sin agus é a bhruith, é a nighe agus a bhruith agus lán *pandy* mór bainne ansin a bheith agat fá choinne bó a bhligh, chur ann de bharr an aitinn agus é a bhruith leis, ansin chuirfeá *treacle* ann agus chuirfeá *garlic* ann agus bhruithfeá suas an *whole lot* agus chaochlófá ansin é, chaochlófá cúpla uair é, agus bhainfeá na *groutlings* uilig amach as agus chuirfeá isteach ina mbuidéil é agus thabharfá buidéal de sóirt inteacht de rud fá choinne casachtach isteach ann. Bhainfeá *ramp*, blas *ramp* do a bheith air. Ach ní raibh casachtach ar bith amach uaidh bhí *TB* a bhí ann nach leigheasfadh sé.

DÓNALL: Leigheasfadh sé an chasachtach.

MARY: Leigheasfadh sé an chasachtach.

DÓNALL: *Mmm.* C'ainm a bhí ar an luibh?

MARY: Ó níl a fhios agam c'ainm a bhí uirthi, *pennyworth* a bheirtí uirthi i mBéarla ach níl a fhios agam c'ainm a bhí uirthi i nGaeilge. D'fhásfadh sé go díreach amach thart fan chloch mar sin. Rudaí beaga glasa. Tá a fhios agam féin go bhfuil cuid acu ag fás amuigh i gcúl an tígh ansin, ar fad. *So*, taispeánfaidh mé ceann acu duit sular n-imigh tú. Agus ansin tá an rud, fás fá choinne cosa scallta, dá mbeadh lára scallta ort ansin ná cosa frithir ort. Tá sé ag fás thíos ansin i dtaobh an *lane*. A dtabharann siad, c'ainm seo a bhéarann siad air. Slánlus.

DÓNALL: Slánlus?

MARY: Slánlus.

DÓNALL: Agus an ndéanfá an rud céanna, é a bhruith an bé?

MARY: *No*, ní bheadh se le bruith agat ar chóir ar bith. Nífeá é agus bhéarfá isteach é agus bhí fear anseo oíche amháin agus bhí cosa scallta air agus dúirt sé "caithfidh mé na bróga a bhaint domh agus na giosáin agus an *wagon*" a dúirt sé, "a thiomáint na bhaile", bhí giota maith aige le ghabháil, (gáire) na bhaile costarnocht, dúirt sé, " ní bheidh mé ábalta na bróga a sheasamh". Bhuel a Dhia, bhain sé do na bróga agus bhí a chuid lára ina dhóigh dhearg uilig. Bhí siad scallta amach.

DÓNALL: *Mmm.*

MARY: Agus deirimse, "leigheasfaidh mise sin duit, má fhanann tú tamall beag". Agus chuaigh mé amach agus fuair mé dhá dhuilleog ná trí dhuilleog, duilleoga móra fada atá iontu, taispeánfaidh mé duit, tá siad thíos ansin i dtaobh an *lane*.

DÓNALL: *Mmm.* Agus chuimleofá iad, an bé?

MARY: *No, nífeá iad go maith agus ghearrfá gairid iad agus bhéarfá don duine iad, duine inteacht a mbeadh fiacla maithe aige, ní thig liomsa iad sin a chognadh ná níl agam ach *false teeth*, níl mé ábalta cognadh (gáire). Ach chogain sé féin iad agus ó, dúirt sé, "sure, that'll not stay on". "It'll stay on" a deirim féin, "when I'm finished with it". Fuair mise ceann giosáin síoda agus tharraing mé suas in sa mhullach é nuair a chur mé *plaster* maith acu air. *Jees*, tháinig sé isteach an lá arna mhárach agus bhí an craiceann go cruá, glas orthu.*

DÓNALL: Thriomaigh sin suas uilig iad.

MARY: Thriomaigh sé suas iad agus chur sé dath orthu.

DÓNALL: Dhia sábháil.

MARY: "That's the best weed", a dúirt sé, "ever I seen. You'll have to show it to me". *But* creidim.

DÓNALL: Sea. Ansin leigheas ansin....

MARY:Ansin tá leigheas eile. Ach dá mbeifeá stopadh uisce ar bheithíoch nó ar dhuine, a dtabharfadh siad *gruaigeacha tobar* air. An mhothaigh tú iomrá ar sin ariamh?

DÓNALL: *No*, caidé...?

MARY: *Fairylint* i mBéarla.

DÓNALL: C'ainm?

MARY: *Fairylint*.

DÓNALL: *Fairylint*.

MARY: Sea.

DÓNALL: Agus caidé, caidé a bheadh contráilte a dúirt tú?

MARY: Gruaigeacha tobar.

DÓNALL: Gruaigeacha tobar.

MARY: Sea. Creidim gur chóir do fás, bhí sé ag fás ar thaobh an lane, creidim nuair a tháinig na dubh....

DÓNALL: Agus caidé a leigheasfadh sé a *Mhary*?

MARY: Leigheasfadh sé, dá mbeadh stopadh uisce ar dhuine nó ar bheithíoch.

DÓNALL: *Mmm, hmm.*

MARY: É a bhruith, é a nighe agus é a bhruith agus é a chaochladh agus é a ól ná e a chur in sa bheithíoch dá mbeadh stopadh air agus réiteoidh sé é. Ó tá sé maith. '____+' *cure* a bhí acu....

DÓNALL:Agus an oibríonn sé i gcónaí?

MARY: Ní raibh leigheas ar bith eile acu ach é. Oibríonn sé. D'oibir sé i gcónaí do.

DÓNALL: Agus ar fhoghlaim tusa iad sin uilig ó do mháthair mhór a *Mhary*?

MARY: D'fhoghlaim mé deireadh acu ó sin ó mo mháthair mhór agus ó na comharsana thart. Ná, dá mbeadh dada cearr aicise nach mbeadh a fhios aici caidé a leigheasfadh é, rachadh sí chuig duine de na comharsana agus d'inseodh siadsan dithi. Bhí seanbhean cóngarach againn a bhí an-mhaith, Bidy Chití a bheirtí uirthi agus bhí sise an-mhaith ag na leigheastaí sin, óra, bhí leigheastaí aici nár chuala

mise ariamh, creidim nach raibh gnoithe ar bith leofa. Agus ansin fá choinne, fá choinne an croí a leigheas, a bhí acu air san am dá mbeadh pian croí ar dhuine ná dada cearr lena croí, bhfuil a fhios agat na bataí cogaidh? Tá a fhios agat iad.

DÓNALL: Níl a fhios agat.

MARY: *Eh?*

DÓNALL: Níl a fhios.

MARY: Tá a fhios agat iad, na rudaí sin a ba ghnách linn, a, bheith, miotógaí *or* shílfeá gur, shílfeá gur méara iad, *pig???*

DÓNALL: Ó, sea.

MARY: Chapail.

DÓNALL: Tá a fhios agam anois.

MARY: `_____`.

DÓNALL: Sea.

MARY: Bhuel, tharraingeofá na duilleoga daofa sin agus bhéarfá isteach iad agus nífeá iad agus thriomófá iad. Agus ansin bhruithfeá iad. Agus an sú a thiocfadh daofa sin, ó leora ní raibh sé furast a ghlacadh ach oiread. Ach sin leigheas fá choinne croí.

DÓNALL: Leigheasfadh sé do chroí.

MARY: Leanfadh??? sé, dá mbeadh pian fá do chroí ná dada cearr leis an chroí, leigheasfadh sé, ní raibh, ní raibh a leithéid de rud ann agus rith chuig dochtúirí ná rith ansiúd nó seo.

DÓNALL: Ní raibh leoga.

MARY: Ní raibh siad ábalta *affordáil*, ní raibh an dochtúir ach punt....

DÓNALL:'_____', sea.....

MARY:san am sin is ní raibh sé acu le tabhairt do.

DÓNALL: *But*, ní [ar ndóigh], bhí siad féin ábalta rudaí a leigheas níos gaiste ní [ar ndóigh].

MARY: Bhí siad féin ábalta iad a leigheas agus leigheasfadh, líonfadh siad agus leigheasfadh siad iad. Agus ansin, tá, tá luibh eile ag fás ar a *dtabharann* siad luibh na *gcorns* uirthi. Fásann sise ar uisce. Duilleog, go díreach, ritheann sí amach ar an uisce mar sin agus tharraingeotaí í agus tá sí le coghadh fosta, tá, leora, ghlacfa a bheith measartha gasta ag coghadh (gáire) ná dhófadh sí an teanga agat. Tá sí cosúil le *caustic*.

DÓNALL: Ó, *jees*, so dhófadh sí sin an teanga agat.

MARY: Agus chuirte ar an *chorn* í. Sílim gur uair a choinneotaí ar an chorn í, chuirfeá paiste beag sa mhullach uirthi agus leáfadh an *corn* ansin. Agus bheadh sé seachtain agus *bhurstaladh* an corn, ní mhothófá ariamh níos mó é. Sin an leigheas a bhí acu ar sin. Bhí leigheas acu fá choinne achan rud. San am. Bhí cuimhne agam go raibh leigheastaí ann a dearn mise dearmad do, ba ghnách le mo mháthair mhór a bheith amuigh ag tarraingt luibheanna, ó, go mion is go minic. Is bheinn léithe.

DÓNALL: Is bheadh....

MARY:Corr lá.

DÓNALL: Is bheadh daoine na rith aici a, a *Mhary*, ag cuardú?

MARY: Bhuel bheadh, daoine ag teacht cinnte aici ag cuardú agus bhí Bidy Chití seo a bhí ina cónaí ag a taobh, bhí sise an-mhaith ar leigheastaí.

DÓNALL: *Jees*, tá se suimiúil a bheith ag éisteacht leat a *Mhary*.

MARY: Bhuel. Bhuel, níl a fhios agam, níl mórán, deireadh cuid mhór daoine nach raibh ann a bleadaráil ach níl a fhios agam.

DÓNALL: Á, ní hé.

MARY: (Gáire)

DÓNALL: Ní hé.

MARY: Bhuel, tá neart a déarfadh nach raibh ann a *sham*.

DÓNALL: An bhfuil cuimhne agat....?

MARY: Ní thabharfadh siad isteach anois do, tá a fhios agat.

DÓNALL: Ní, ní ghéilleann daoine, *no*, ní thabharann siad isteach do.
